RIALACHÁN (AE) 2022/1364 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Lúnasa 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil aigéid hidricianaigh in earraí bia áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún ([2]) socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe, lena n-áirítear aigéad hidricianach, in earraí bia.

(2) Is substaint an-tocsaineach é aigéad hidricianach. Cé nach bhfuil sé i mbia ar leibhéil atá ábhartha ó thaobh na tocsaineolaíochta de, scaoiltear é nuair a dhéantar bianna arna ndíorthú ó phlandaí ina bhfuil gliocóisídí cianaigineacha a chogaint nó a phróiseáil ar bhealach eile agus nuair a théann na gliocóisídí sin i dteagmháil le heinsímí hidrealaíocha. I bhfianaise gur mar mheascán d'aigéad neamh-dhíthiomsaithe agus d'iain chiainíde díthiomsaithe a fhoirmíonn aigéad hidricianach i gcónaí, déantar an treoirluach sláintebhunaithe a ríomh le haghaidh an mheascáin seo, dá ngairtear "ciainíd".

(3) In 2019, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") nuashonrú ar an tuairim eolaíoch maidir leis an measúnú ar na rioscaí sláinte a bhaineann le gliocóisídí cianaigineacha a bheith i mbianna seachas in eithní aibreog amha ([3]). Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár cheart go mbeadh éifeachtaí díobhálacha géara ag nochtadh an duine faoi bhun na géardháileoige tagartha (ARfD) 20 µg ciainíd/kg meáchan coirp (bw). I gcás ina gcaitear bianna áirithe amhail rois, almóinní agus casabhach ina bhfuil leibhéil arda gliocóisídí cianaigineacha, d'fhéadfaí an ARfD le haghaidh ciainíde a shárú. Is iomchuí, dá bhrí sin, uasleibhéil aigéid hidricianaigh a shocrú, lena n-áirítear aigéad hidricianach a bheith ceangailte i ngliocóisídí cianaigineacha le haghaidh na mbianna sin. Nuair a chaitear rois meilte ar an mbealach sin, tá bith-infhaighteacht aigéid hidricianaigh agus leibhéil nochta an duine dó níos airde ná mar a bhíonn nuair a chaitear rois iomlána nó nuair a dhéantar iad a chóireáil le teas. Is iomchuí, dá bhrí sin, leibhéil níos déine a shocrú maidir leis an rois iomlán, ar féidir leis an tomhaltóir a mheilt sula chaitear é agus maidir le rois meilte a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh nuair a bheartaítear é a chaitheamh i bhfoirm amh.

(4) Ba cheart uasleibhéil le haghaidh aigéad hidricianach a shocrú in earraí bia áirithe chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a leasú dá réir sin.

(6) Chun é a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha ullmhú do na rialacha nua arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnach go dtí go mbeidh na huasleibhéil nua i bhfeidhm. Is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse le haghaidh earraí bia a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 37, 13.2.1993, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

([3]) Tuairim eolaíoch *'Evaluation of the health risks related to the presence of cyanogenic glycosides in foods other than raw apricot kernels'* [Measúnú ar na rioscaí sláinte a bhaineann le gliocóisídí cianaigineacha a bheith i mbianna seachas in eithní aibreog amh], EFSA Journal [Iris EFSA], Iml 17, Uimh. 4, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, 2019, lch. 78; https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5662.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Earraí bia a liostaítear san Iarscríbhinn a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh an 1 Eanáir 2023, féadfaidh siad fanacht ar an margadh go dtí an dáta íosmharthanachta nó an dáta deiridh úsáide.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I Roinn 8 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 8.3:

"Earraí bia ([1])		Uasleibhéal (mg/kg)
8.3	**Aigéad hidricianach, lena n-áirítear aigéad hidricianach arna cheangal i ngliocóisídí cianaigineacha**	
8.3.1	Ros lín iomlán neamhphróiseáilte([60]), meilte, muilleáilte, scoilte, mionghearrtha cé is moite d'earraí bia a liostaítear in 8.3.2 ([54])	250
8.3.2	Ros lín iomlán neamhphróiseáilte, meilte, muilleáilte, scoilte, mionghearrtha a chuirtear ar an margadh le haghaidh an tomhaltóra deiridh ([54]) ([55]) (*)	150
8.3.3	Almóinní iomlána neamhphróiseáilte, meilte, muilleáilte, scoilte, mionghearrtha a chuirtear ar an margadh le haghaidh an tomhaltóra deiridh ([54]) ([55]) (*)	35
8.3.4	Eithní aibreog iomlána neamhphróiseáilte, meilte, mhuilleáilte, scoilte, mionghearrtha a bheartaítear a chur ar an margadh le haghaidh an tomhaltóra deiridh ([54]) ([55])	20
8.3.5	Casabhach (úr, scafa)	50
8.3.6	Plúr casabhaigh agus plúr taipioca	10

(*) Níl feidhm ag an uasleibhéal maidir le ros lín iomlán neamhphróiseáilte, meilte, muilleáilte, scoilte, mionghearrtha ná le halmóinní iomlána neamhphróiseáilte, meilte, muilleáilte, scoilte, mionghearrtha a chuirtear ar an margadh le haghaidh an tomhaltóra deiridh i gcainníochtaí beaga a bhfuil an rabhadh 'Le húsáid i gcócaireacht agus i mbácáil amháin. Ná hith amh!' le feiceáil i bpríomhréimse radhairc an lipéid (ag baint úsáid as an gclómhéid a shonraítear in Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí (IO L 304, 22.11.2011, lch 18)). Ní mór don ros lín iomlán neamhphróiseáilte, meilte, muilleáilte, scoilte, mionghearrtha a bhfuil an teachtaireacht rabhaidh air an t-uasleibhéal dá bhforáiltear in 8.3.1 a chomhlíonadh."